# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 26:** *Feithid!*



Robert Gibbings. Coming Down the Wye

### Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Ealaíontóir agus taiscéalaí Éireannach ba ea Robert Gibbings, agus ba bhreá leis líníochtaí a dhéanamh dá eachtraí taistil. Sheol Robert síos abhainn ar a dtugtar Abhainn Wye, i Sasana, agus nuair a d'fhill sé ar an mbaile, rinne sé priontaí bloic adhmaid chun a leabhair féin a mhaisiú. Rinne Robert cur síos ar na sonraí beaga agus ar na neacha a chonaic seo feadh na slí; ciaróg dhubh ghnóthach, cleite agus píosa de shreang chasta. Chun na priontaí seo a dhéanamh, shnoigh sé bloc adhmaid trí úsáid a bhaint as uirlis ghéar. Ansin clúdaíodh an bloc adhmaid le dúch agus brúdh ar pháipéar é i gclóphreas.

Seans go bhfuil cuma aisteach ar fheithidí, ach tá ról tábhachtach acu ar an domhan seo. Scaipeann siad pailin ó phlanda go planda, rud a chabhraíonn le plandaí, bláthanna, torthaí agus glasraí fás. Chomh maith leis sin, cabhraíonn siad linn an áit a choinneáil glan trí dhuilleoga atá tite

ar an talamh a ithe, mar aon le seanadhmad agus uaireanta itheann siad a chéile! Is feithid í aon neach amháin as gach ceathrar neach ar Domhan agus tá breis is 800,000 speiceas aimsithe ag eolaithe faoin tráth seo, ach síleann siad go mb'fhéidir go bhfuil naoi nó deich milliún speiceas eile fós le haimsiú!

### Céard é sin?

An bhfuil a fhios agat cén cineál feithide é sin?

An bhfuil sé chomh mór le d'ionga is lú?

Tá spotaí dubha air. Tá corp dearg aige.

Tá dhá aintéine aige.

Tá sé chos aige.

Tá sé in ann eitilt go hard sa spéir.

Is bóín Dé atá ann!

Is cineál ciaróige é bóín Dé.

### Bímis ag Tarraingt

An dtaitníonn feithidí leat?

An dóigh leat go bhfuil damháin alla scanrúil nó seafóideach?

An féidir leat an fheithid is fearr leat a tharraingt?

Cé mhéad cos atá ag an bhfeithid is fearr leat?

Tá sé chos ag feithidí; tá ocht gcos ag damháin alla agus tá 30 cos nó níos mó ag mílechosaigh!

An bhfuil sciatháin láidre ag d'fheithid, nó an bhfuil siad an-leochaileach?

Tá dhá phéire sciathán ag ciaróga; is sciath chrua an chéad phéire agus tá na sciatháin eitilte bhoga fillte faoin sciath chrua!

Is féidir feithidí de gach cineál crutha a fháil, mór agus beag; cén dath atá ar d'fheithid, an bhfuil patrúin uirthi, an bhfuil sí garbh, mín, crua, clúmhach, sleamhain!

Níl radharc na súl go maith ag feithidí, dá bhrí sin, úsáideann siad fuaim agus bolaithe chun dul ó áit go háit.

An bhfuil aintéiní ar d'fheithid chun rudaí a bhrath agus chun boladh a fháil?

### Seo Linn ag Súgradh

Cá bhfuil cónaí ar d'fheithid?

An féidir leat áit chónaithe d'fheithide a tharraingt?

Taobh istigh de phéitseog, faoi dhuilleog, taobh istigh de shliogán, go domhain san ithir, óstán feithidí, paiste bláthanna, i do theach, san áit súgartha nó i ngairdín deas?

Céard a itheann d'fheithid?

(Fiafraigh de dhuine fásta) Téigh amach faoin aeir agus bailigh bia d'fheithidí do phicnic feithidí.

An féidir leat duilleoga, peitil, caonach, craobhóga, fiailí, cleití beaga, síolta, caora péine, cnónna capaill a fháil?

Anois déan sailéad breá dár gcairde, na feithidí!

---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**